Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9304/25**
**ADD 1**

**TRANS 198**
**ENV 390**
**SOC 308**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3068 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>maidir le bochtaineacht iompair: soghluaisteacht inacmhainne, inrochtana agus chothrom a áirithiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3068 annex.

Faoi iamh: C(2025) 3068 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.5.2025
C(2025) 3068 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir le bochtaineacht iompair: soghluaisteacht inacmhainne, inrochtana agus chothrom a áirithiú**

GA GA

# IARSCRÍBHINN I

## SAMPLAÍ DE THÁSCAIRÍ NA BOCHTAINEACHTA IOMPAIR

### 1. AN COIMISIÚN EORPACH: AN ARD-STIÚRTHÓIREACHT UM FHOSTAÍOCHT, GNÓTHAÍ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ, CLUDIUS, J., NOKA, V., UNGER, N., DELFOSSE, L. ET AL., TUARASCÁIL CHRÍOCHNAITHEACH, *TRANSPORT POVERTY: DEFINITIONS, INDICATORS, DETERMINANTS, AND MITIGATION STRATEGIES* [BOCHTAINEACHT IOMPAIR: SAINMHÍNITHE, TÁSCAIRÍ, DEITÉARMANAINT AGUS STRAITÉISÍ MAOLAITHE], DEIREADH FÓMHAIR 2024[1]

(1) Táscairí lena ndírítear ar inacmhainneacht an iompair

(a) An sciar den daonra a bhfuil easpa neamhroghnach gluaisteáin le sárú acu de réir grúpa ioncaim agus de réir an chineáil teaghlaigh in aghaidh grúpaí éagsúla den daonra

(b) An sciar den daonra dá bhfuil ticéid iompair phoiblí 'róchostasach' (ar fáil freisin de réir leibhéal an uirbithe: cathracha, bailte agus bruachbhailte, ceantair thuaithe, agus i measc grúpaí éagsúla den daonra)

(c) An sciar den daonra teaghlaigh a shainaithnítear leis na táscairí 6 % agus 2M[2] d'inacmhainneacht iompair (ar fáil freisin de réir leibhéal an uirbithe: cathracha, bailte agus bruachbhailte, ceantair thuaithe, agus in aghaidh an ghrúpa daonra)

(d) An céatadán den ioncam indiúscartha a chaitear ar iompar (trealamh iompair agus seirbhísí iompair a oibriú) (ar fáil freisin in aghaidh na deicíle caiteachais)

(2) Táscairí lena ndírítear ar infhaighteacht iompair

(a) An sciar den daonra atá faoi mhíbhuntáiste ábhartha agus sóisialta agus a bhfuil gluaisteán aige,

---

1 An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, Cludius, J., Noka, V., Unger, N., Delfosse, L. et al., Tuarascáil Chríochnaitheach, *Transport poverty: definitions, indicators, determinants, and mitigation strategies* [Bochtaineacht iompair: sainmhínithe, táscairí, deitéarmanaint, agus straitéisí maolaithe], Deireadh Fómhair 2024, https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/transport-poverty-definitions-determinants-and-mitigation-strategies-final-report_en. Foinsí: (1) a): Eurostat [ilc_mddu05], (1) b) : Foinse: Eurostat [ilc_mdes13a], (1) d) : Eurostat [icw_aff_05], (2) c) : Eurofound 2016, micreashonraí *European Quality of Life Survey* [Micreashonraí an tSuirbhé Eorpaigh ar Cháilíocht na Beatha]; (3): Eurostat [lfso_19plwk28]

2 Tairseach 6 %: an sciar den daonra a chaitheann níos mó ná 6 % nó níos mó ná dhá oiread an airmheáin náisiúnta ar iompar agus a bhfuil caiteachas iomlán faoi bhun an airmheáin náisiúnta aige. Tagraíonn 2M don innéacs caiteachais díréireach (ciallaíonn 2M dhá oiread an airmheáin náisiúnta). Meastar go bhfuil teaghlach leochaileach ó thaobh iompair de má tá an cion den chaiteachas iomlán a chaitheann sé ar iompar níos mó ná dhá oiread an airmheáin náisiúnta. Is é sin le rá, is teaghlaigh iad a bhfágann a staid shocheacnamaíoch go gcaitheann siad go díréireach chun leibhéal soghluaisteachta atá oiriúnach dá riachtanais a choinneáil ar bun.

(b) An sciar den daonra dá bhfuil an stad iompair phoiblí is gaire 'rófhada ar shiúl' (ar fáil freisin de réir leibhéal an uirbithe: cathracha, bailte agus bruachbhailte, ceantair thuaithe),

(c) An sciar den daonra a bhfuil rochtain 'an-deacair' acu ar iompar poiblí de réir an daonra iomláin agus an daonra tuaithe

(3) Táscairí lena ndírítear ar <u>inrochtaineacht</u> iompair

– An sciar den daonra gníomhach a chaitheann níos mó ná 30 nóiméad ag taisteal chun na hoibre (bealach amháin) de réir leibhéal an uirbithe

(4) Táscairí lena ndírítear ar <u>leordhóthanacht</u> an iompair

– An sciar den daonra a mheasann go bhfuil sé ródheacair (do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) rochtain a fháil ar iompar poiblí

## 2. LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH DE SHAMPLAÍ DE THÁSCAIRÍ ÚSÁIDEACHA BREISE A D'FHÉADFAÍ A FHORBAIRT NÓ ATÁ ANN CHEANA

**Gné na hinacmhainneachta:**

(a) Táscaire ísealioncaim agus ardchostais (ÍIAC) lena dtomhaistear sciar na dteaghlach ag a bhfuil costais iompair os cionn an airmheáin náisiúnta agus atá i mbaol bochtaineachta[3]

(b) Táscaire 10 % (céatadán na dteaghlach in mbíonn costais iompair níos mó ná 10 % den ghlanioncam)

(c) Daoine nach bhfuil sé d'acmhainn acu úsáid rialta a bhaint as iompar poiblí de réir aoise, inscne, stádas fostaíochta agus grúpa ioncaim[4]

(d) Struchtúr an chaiteachais ar thomhaltas de réir leibhéal an uirbithe agus aicmiú an tomhaltais aonair de réir cuspóra (tá sonraí le haghaidh 2020 ar fáil freisin)[5]

**Gné na hinfhaighteachta iompair agus na hinrochtaineachta ar sheirbhísí riachtanacha:**

(a) Líon na bpaisinéirí arna n-iompar ar iompar poiblí sa chathair agus sa limistéar uirbeach feidhmiúil in aghaidh na bliana

(b) Ciliméadair phaisinéara ar iompar poiblí sa chathair agus i limistéar uirbeach feidhmiúil in aghaidh na bliana

(c) Líon na spásanna páirceála rothar in aice le stadanna agus stáisiúin iompair phoiblí sa chathair agus sa limistéar uirbeach feidhmiúil

---

[3] Teaglaim den táscaire roimhe seo agus daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta de réir grúpa tíre breithe (daonra atá 18 mbliana d'aois nó níos sine) (<u>ilc_peps06n</u>)

[4] https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_mdes13a/default/table?lang=ga&category=livcon.ilc.ilc_md.ilc_mdes

[5] https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/hbs_str_t226/default/table?lang=ga&category=degurb.degurb_livcon

(d) An meán-am chun taisteal 3 km ar iompar poiblí tríd an gcathair agus tríd an limistéar uirbeach feidhmiúil le linn buaicuaireanta agus uaireanta seachbhuaice

(e) An daonra ag a bhfuil stad iompair phoiblí laistigh d'achar siúil (stad bus agus tram laistigh de 500 m agus/nó stad traenach nó meitreo laistigh de 1 km) — tá sé ann cheana féin do cheantair uirbeacha[6]

(f) Daoine fostaithe de réir am comaitéireachta, leibhéal gnóthachtála oideachais agus leibhéal an uirbithe[7]

(g) Daonra a bhfuil rochtain acu ar iarnród laistigh de 1.5 uair an chloig/daonra laistigh de gha 120 km x 100[8]

Maidir le siúl, rothaíocht, iompar poiblí, tiomáint saorshreafa, tiomáint faoi dhálaí réalaíocha/plódaithe:

(h) An líon daoine aonair/saoráidí seirbhíse a sroicheadh laistigh de thairseach shonrach maidir le ham taistil (ar leibhéal na greille, nó comhiomlánaithe ar ARÁ/NUTS3)

(i) An sciar den daonra ag a bhfuil rochtain ar shaoráidí seirbhíse N ar a laghad laistigh de thairseach ama taistil (de réir ARÁ/NUTS3) ('is é is 'N' ann líon na saoráidí seirbhíse ábhartha ba cheart a mheas de réir na seirbhíse)

(j) Am taistil chun na saoráidí seirbhíse/na daoine aonair N is gaire a shroicheadh (ar leibhéal na greille, nó comhiomlánaithe ar ARÁ/NUTS3)

(k) Táscaire inrochtaineachta Foster-Greer-Thorbecke (FGT2) lena ndéantar comhaireamh ar dhaoine aonair atá faoi bhun tairseach leordhóthanachta réamhshainithe [9]arna ualú de réir mhéid a n-easnaimh inrochtaineachta laistigh d'am taistil ar leith (40-50 nóiméad) (ar leibhéal na greille nó comhiomlánaithe ar leibhéal ARÁ/NUTS3)

**Maidir leis na gnéithe infhaighteachta agus inrochtaineachta, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ina chuidiú:**

– An Coimisiún Eorpach, Feidhmíocht Iarnróid Paisinéirí san Eoraip: Táscairí Inrochtaineachta Réigiúnacha agus Críochacha d'Iarnród Paisinéirí, 2021[10]

---

6 Féach an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, An Coimisiún Eorpach, *Cohesion in Europe towards 2050, eighth report on economic, social and territorial cohesion* [An Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050, an t-ochtú tuarascáil faoin gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach], 2021, léarscáil 4.7, https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/reports/cohesion8/8cr.pdf

7 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/lfso_19plwk28/default/table?lang=ga&category=degurb.degurb_labour.du_lfso.du_lfso_19

8 Féach an Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, Brons, M., Poelman, H., Ackermans, L., Ibáñez, J. et al., *Passenger rail performance in Europe – Regional and territorial accessibility indicators for passenger rail* [Feidhmíocht iarnróid paisinéirí san Eoraip – Táscairí inrochtaineachta réigiúnacha agus críochacha d'iarnród paisinéirí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

9 Féach Science Direct, *Defining and implementation a sufficient level of accessibility: What's stopping us?*, Jean Ryan agus Karel Martens, Meán Fómhair 2023, https://doi.org/10.1016/j.tra.2023.103792

10 An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, Brons, M., Poelman, H., Ackermans, L., Ibáñez, J. et al., *Passenger rail performance in Europe – Regional and*

– Maidir le hiompar de bhóthar, féach an Coimisiún Eorpach, Feidhmíocht Iompair de Bhóthar san Eoraip, 2018[11]

– An Coimisiún Eorpach, *Cohesion in Europe towards 2050, eighth report on economic, social and territorial cohesion* [An Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050, an t-ochtú tuarascáil faoin gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach], 2021, féach Léarscáil 4.7[12]

– An Coimisiún Eorpach, *Ninth report on economic, social and territorial cohesion* [An naoú tuarascáil faoin gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach], 2024[13]

– Staidéar Tuaithe ECFE, 'Teacht ar Sheirbhísí i mBailte agus Sráidbhailte', Réigiúin a Ullmhú le haghaidh Athrú Déimeagrafach, 2024, lch 13[14]

Chun measúnú a dhéanamh ar **cháilíocht agus ar leordhóthanacht an ghréasáin iompair phoiblí,** d'fhéadfaí na modhanna éagsúla iompair phoiblí a roinnt ina 'gcatagóirí cáilíochta' bunaithe ar leibhéal minicíochta an mhodha iompair (e.g. níos lú ná 5 nóiméad, 5-10 nóiméad, 10-20 nóiméad, etc.) agus an t-achar go dtí an chéad stad eile i gcás gach modha iompair[15].

**Gné na leordhóthanachta iompair:**

(a) Sciar na stadanna meitreo ina bhfuil saoráidí do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

(b) Líon na stadanna agus na stáisiún iompair phoiblí sa chathair agus sa limistéar uirbeach feidhmiúil atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

(c) Líon na bhfeithiclí iompair phoiblí sa chathair agus sa limistéar uirbeach feidhmiúil atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, arna miondealú de réir an chineáil feithicle

*territorial accessibility indicators for passenger rail* [Feidhmíocht iarnróid paisinéirí san Eoraip – Táscairí inrochtaineachta réigiúnacha agus críochacha d'iarnród paisinéirí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021, https://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/publications/working-papers/2022/passenger-rail-performance-in-europe-regional-and-territorial-accessibility-indicators-for-passenger-rail

11 https://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/publications/working-papers/2019/road-transport-performance-in-europe

12 https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/reports/cohesion8/8cr.pdf

13 https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/reports/cohesion9/9CR_Report_FINAL.pdf

14 https://www.oecd.org/en/publications/getting-to-services-in-towns-and-villages_df1e9b88-en.html

15 Féach sampla na hOstaire, https://www.oerok-atlas.at/oerok/files/summaries/87.pdf; https://www.oerok-atlas.at/#indicator/87

## IARSCRÍBHINN II[16]

## TACAÍOCHT DO SHOGHLUAISTEACHT INBHUANAITHE: SAMPLAÍ DE BHEARTA AGUS D'INFHEISTÍOCHTAÍ SPRIOCDHÍRITHE COSTÉIFEACHTACHA[17]

(1) Díriú ar thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam íseal i limistéir gheografacha nach ndéantar freastal ceart orthu

- Feabhas a chur ar sheirbhísí iompair phoiblí agus línte bus/cóiste/iarnróid a sheoladh i gceantair fho-uirbeacha, pheirea-uirbeacha agus thuaithe ar ioncam íseal den chuid is mó
- Bonneagar iompair phoiblí a thógáil i limistéir ar ioncam íseal den chuid is mó; moil shoghluaisteachta chun malartú agus naisc a éascú idir iompar poiblí, soghluaisteacht chomhroinnte, rothaíocht agus siúl i gceantair fho-uirbeacha, pheirea-uirbeacha agus thuaithe den chuid is mó, agus iad sin a nascadh le lár na gcathracha

(2) Díriú ar thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha

- Iompar fóirdheonaithe sonrach ó dhoras go doras ar éileamh nó seirbhísí iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha a fhreagraíonn don éileamh do ghrúpaí leochaileacha
- Cláir dearbhán le haghaidh iompar poiblí áitiúil agus síntiúis soghluaisteachta comhroinnte (lena n-áirítear rothair, rothair leictreacha agus scútair) do ghrúpaí leochaileacha
- Inrochtaineacht fheabhsaithe ar iompar poiblí do dhaoine faoi mhíchumas trí rampaí, ardaitheoirí agus fógraí fuaime a shuiteáil
- Lánaí rothar slána, spásanna páirceála slána rothar agus stáisiúin roinnte rothar agus saoráidí glasála slána a thógáil gar do scoileanna, d'ionaid óige agus d'ollscoileanna
- Scéimeanna léasaithe shóisialta le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha, do theaghlaigh, do mhicrifhiontair agus d'úsáideoirí iompair leochaileacha eile, mar aon leis an mbonneagar luchtaithe comhfhreagrach

---

[16] Mar chomhlánú ar fhoilsiú an Choimisiúin Eorpaigh (an Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, Ramboll Management Consulting, Wuppertal Institute for Climate Environment and Energy, Ludden, V., Laine, A.-M. et al., *Support for the implementation of the Social Climate Fund – Note on good practices for cost-effective measures and investments* [Tacaíocht do chur chun feidhme an Chiste Aeráide Shóisialta – Nóta maidir le dea-chleachtais le haghaidh bearta agus infheistíochtaí costéifeachtacha], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2834/602067), chomh maith leis an Treoraíocht ón gCoimisiún maidir leis na Pleananna Aeráide Sóisialta, an Coimisiún Eorpach, Fógra ón gCoimisiún, Treoraíocht maidir leis na Pleananna Aeráide Sóisialta, C(2025) 881 final, 5.3.2025, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202501597

[17] Tá na bearta agus na hinfheistíochtaí uile incháilithe faoin gCiste Aeráide Sóisialta. Ag brath ar an staid i ngach Ballstát.

(3) Feabhas ar iompar poiblí (atá ar fáil do chách) a chomhcheangal le scéimeanna tacaíochta airgeadais do ghrúpaí leochaileacha

– Busanna astaíochtaí nialasacha nó feithiclí iarnróid a cheannach[18] i gcomharsanachtaí uirbeacha, fo-uirbeacha agus peirea-uirbeacha nach ndéantar freastal ceart orthu in éineacht le dearbháin/tiachóga soghluaisteachta leictreonacha d'úsáideoirí iompair leochaileacha

– Seirbhísí iompair astaíochtaí nialasacha ar éileamh a bhunú i limistéir nach bhfuil seirbhísí iompair phoiblí leordhóthanacha acu nó don nasc 'míle deireanach', a d'fhéadfadh a bheith comhcheangailte le dearbháin/tiachóga soghluaisteachta leictreonacha d'úsáideoirí iompair leochaileacha

– Infheistíochtaí i mbonneagar siúil agus rothaíochta, in éineacht le córais roinnte rothar agus/nó fóirdheontais chun rothair, rothair leictreacha agus rothair lasta a cheannach, a fháil ar cíos go fadtéarmach agus/nó a léasú do ghrúpaí leochaileacha

– Scéimeanna comhroinnte feithiclí astaíochtaí nialasacha fóirdheonaithe nó cláir chíosa do theaghlaigh ar ioncam íseal mar aon le hinfheistíocht i mbonneagar athluchtaithe poiblí.

[18] Feithiclí iarnróid éadroma astaíochtaí nialasacha a fhágann gur féidir an bonneagar atá ann cheana a úsáid gan uasghrádú ar bith nó an t-uasghrádú íosta a dhéanamh air agus chun minicíocht na seirbhísí a sholáthraítear a mhéadú.